



Seisiún iomlánach

B10-0018/2024

10.09.2024

## TOGRA LE hAGHAIDH GNÍOMH DE CHUID AN AONTAIS

arna chur síos de bhun Riail 47(2) de na Rialacha Nós Imeachta

chun gníomhaíocht pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha a bhreithniú mar ghairm riosca san Aontas

**Jorge Buxadé Villalba, Juan Carlos Girauta Vidal, Mireia Borrás Pabón, Jorge Martín Frías, Margarita de la Pisa Carrión, Hermann Tertsch del Valle-Lersundi**

**Togra le haghaidh gníomh de chuid an Aontais chun gníomhaíocht pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha a bhreithniú mar ghairm riosca san Aontas**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint d’ Airteagail 153(1), pointe a, 225 agus 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 31 di,
  - ag féachaint do Riail 47(2) dá Rialacha Nós Imeachta,
- A. de bhrí gur tháinig méadú seasta ar an gcoireacht sna Ballstáit le blianta beaga anuas;
- B. de bhrí go bhfuil an t-ardú seo sa choireacht i gcomhréir go díreach leis na hionsaithe orthu siúd atá i mbun gníomhaíochtaí atá tiomanta do chosaint na sochaí, eadhon pearsanra míleata, póilíní, oifigigh phríosúin agus gardaí príobháideacha;
- C. de bhrí go bhfuil go leor de na hionsaithe seo ina mbaol díreach laethúil do shláine agus fiú do shaol na ndaoine a thugann cosaint dúinn;
- D. de bhrí, sna himthosca sin, go ngabhann le dearbhú gur gairmeacha ardriosca iad na gníomhaíochtaí sin, mar aon le haitheantas a thabhairt don obair bhunúsach a dhéanann daoine atá tiomanta dá ngairm i leith seirbhíse cosanta agus slándála atá i mbaol a mbeatha nó a sláine féin chun cosaint a thabhairt do dhaoine eile, aitheantas normatach a thabhairt do réaltacht inmíoch;
- E. de bhrí go ngabhann iarmhairtí éagsúla sna Ballstáit éagsúla le dearbhú na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear mar ghairmeacha riosca, ar cheart iad a chomhchuíbhíú trí Threoir de *minimis*;
- F. de bhrí, i mBallstáit áirithe, go ngabhann leis an dearbhú sin an ghnáthaois scoir a íslíú do ghrúpaí nó do ghníomhaíochtaí pearsanta ar de chineál eisceachtúil guaiseach a saothar, agus comhéifeachtaí laghdaithe á gcur i bhfeidhm ar na blianta a oibríodh sna gníomhaíochtaí sin;
- G. de bhrí go meastar gur dea-chleachtas é an sochar scoir is féidir a leathnú chun na mBallstáit uile, a mhéid a cheadaíonn a gcórais slándála sóisialta faoi seach;
- H. de bhrí gur gá an tacaíocht institiúideach is gá a sholáthar a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin chun a n-armhisean a chomhlíonadh;
1. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn Airteagail 153(1), pointe (a), 225 agus 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (agus faoin...) togra le haghaidh gníomh chun breithniú ar ghníomhaíochtaí pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus

gardaí príobháideacha mar ghairm riosca san Aontas, ar bhonn an togra le haghaidh treorach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an rún seo;

2. á mheas gur cheart gníomhaíochtaí an mhíliste, na bpóilíní, na bpríosún agus na ngardaí príobháideacha a mheas mar ghairmeacha riosca i mBallstáit uile an Aontais;
3. á chur in iúl a tacaíocht institiúideach iomlán do na gníomhaíochtaí sin mar ráthaíocht na síochána sóisialta agus chun a misean faoi seach a chomhlíonadh níos fearr;
4. á threorú dá hUachtarán an rún seo agus an togra le haghaidh treorach a ghabhann leis a chur ar aghaidh chun an Choimisiúin agus chun na Comhairle.

## IARSCRÍBHINN

### TOGRA LE hAGHAIDH TREOIR (AE) 20XX/XX Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an XX/XX 20XX

#### **chun gníomhaíocht pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha a bhreithniú mar ghairm riosca san Aontas**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(1), fleasc a) de,

ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go mbunóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí threoracha, forálacha chun feabhsuithe a spreagadh, go háirithe ar an timpeallacht oibre, chun sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint. Féadfaidh an timpeallacht sin a bheith contúirteach do ghairmeacha áirithe, ina moltar go háirithe feabhsuithe sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn.
- (2) Caithfidh an tsochaí ina hiomláine a bheith feasach ar a thábhachtaí atá gníomhaíochtaí pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha dá slándáil. Mar sin bíonn tionchar dearfach ag cosaint daoine san obair sin ar an tsochaí ina hiomláine. Tá sláinte, sábháilteacht agus sláine fhisiciúil agus mheabhrach na ngairmeacha sin nasctha go dlúth leis an tsíocháin shóisialta.
- (3) Nochtann gníomhaíochtaí pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha iad siúd atá i gceist do rioscaí an-ard. Mar gheall ar éabhlóid na coiriúlachta san Aontas Eorpach tá gníomhaíochtaí póilíní, gardaí príobháideacha, oifigeach príosúin agus mílíte níos mó fós i mbaol ná gníomhaíochtaí gairmiúla eile.
- (4) Tá sé de cheart ag gach duine ar mian leis oibriú mar phóilín, garda príobháideach, oifigeach príosúin nó mílíte a ghairm bheatha agus a ardfheidhmeanna sóisialta a chomhlíonadh ar shlí a chosnaíonn a shábháilteacht, a shláinte agus a shláine coirp agus meabhrach, chomh maith lena chosaint a uasmhéadú agus cásanna contúirteacha a chosc.
- (5) Is tasc coiteann atá ag gníomhaíochtaí pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin

agus gardaí príobháideacha ná daoine eile a chosaint, laistigh dá réimsí inniúlachta faoi seach, ar dhíobháil neamhdhleathach agus ar chontúirtí a bhaineann leo.

- (6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le gach póilín, garda príobháideach, oifigeach príosúin nó pearsanra míleata, beag beann ar nádúr a chaidreamh dlíthiúil. Mar gheall ar nádúr an dlí phríobháidigh, áfach, féadfaidh na Ballstáit, más mian leo, gardaí slándála príobháideacha a eisiamh ó raon feidhme an iarratais.
- (7) I bhfianaise a nádúir mar ghníomhaíochtaí de chineál atá an-chontúirteach, ba cheart go n-ísleofaí an ghnáthaois scoir mar thoradh ar an dearbhú reachtúil riosca a dhéantar leis an Treoir seo trí chomhéifeachtaí laghdaithe a chur i bhfeidhm ar na blianta a oibríodh sna gníomhaíochtaí sin a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit faoi seach. Chun a chumasú do dhaoine a shaothraíonn na gníomhaíochtaí sin leanúint, áfach, de na gníomhaíochtaí sin agus a gcuspóir beartaithe á shaothrú acu, ceadaítear do na Ballstáit an t-íslíú sin ar an aois inphinsin a dhéanamh go deonach i bhfabhar na dtairbhíthe faoi seach.
- (8) Chun críocha Airteagal 288 CFAE, is treoir í an ionstraim iomchuí chun an chosaint is mó a bhaint amach i gcoinne an ardriosca a bhaineann leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit i dtaobh an toraidh atá le baint amach, ach lena bhfágtar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 153 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, seachnaítear leis an Treoir seo srianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur ar shlí a chuirfeadh bac ar bhunú agus ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide.
- (10) Tá feidhm ag forálacha na Treorach seo gan dochar d'aon fhorálacha atá ann cheana atá níos sonraí agus/nó lena dtugtar leibhéal níos airde cosanta do na gníomhaíochtaí a chumhdaítear lena raon feidhme, agus go háirithe d'aon fhorálacha a áirítear in acquis an Aontais Eorpaigh.
- (11) Bunaítear rialacha íosta leis an Treoir seo. Féadfaidh na Ballstáit bearta níos fabhraí a choimeád nó a thabhairt isteach.
- (12) Leis an ngníomh seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a leagtar síos i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 di, ina ndeirtear go bhfuil an ceart ag gach oibrí chun dálaí oibre a urramaíonn a shláinte agus a shábháilteacht.
- (13) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon cosaint sláinte, sábháilteacht agus slándáil pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha a bhaint amach go leordhóthanach ach gur fearr gur féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar

a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

- (14) Chuir an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún trí théacs a thogra le haghaidh Treorach a chur chucu.
- (15) Leis an Treoir seo, cuirtear le cuspóirí Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a bhaint amach, eadhon cuspóir na slándála.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

### ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

#### *Airteagal 1*

#### **Cuspóir**

Is é cuspóir na Treorach seo an uaschosaint dhlíthiúil a thabhairt do phearsanra míleata, do phóilíní, d'oifigigh phríosúin agus do ghardaí príobháideacha dá sábháilteacht agus dá sláinte i mBallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

#### *Airteagal 2*

#### **Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le pearsanra míleata, póilíní, oifigigh príosúin agus gardaí príobháideacha a oibríonn in aon cháil, is cuma cén cineál caidrimh dhlíthiúil atá acu.
2. Féadfaidh na Ballstáit a chinnfidh amhlaidh gardaí príobháideacha a eisiamh ó raon feidhme na Treorach seo.

#### *Airteagal 3*

#### **Sainmhínithe**

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- a) ‘póilín’: duine nádúrtha de chuid comhlachta atá freagrach as an ord poiblí a chothabháil agus as slándáil na saoránach, faoi orduithe údaráis pholaitiúla Ballstáit den Aontas; áireofar leis an téarma ‘póilín’ oifigigh custam, oifigigh a bhfuil baint acu le forghníomhú cionta amhail smuigleáil, inimirce mhídhleathach, gardaí teorann agus pearsanra comhraicthe dóiteáin;

- b) ‘garda príobháideach’: duine nádúrtha a oibríonn do ghnóthas atá tiomanta do shlándáil tríú páirtithe a chur chun cinn, in aon cheann de Bhallstáit an Aontais, trí fhaireachas agus cosaint maoinne, bunaíochtaí, áiteanna agus imeachtaí a sholáthar, mar aon le cosaint daoine a fhéadfaidh a bheith ann;
- c) ‘pearsa mhíleata’: duine nádúrtha a bhaineann le harm nó fórsaí armtha Ballstáit den Aontas; cuimseoidh an téarma ‘pearsa mhíleata’ comhaltaí na ngardaí cósta.

## **CAIBIDIL II**

### **RÁITEAS RIOSCA, COSANTA AGUS RÁTHAÍOCHTA POIBLÍ**

#### *Airteagal 4*

#### **Dearbhú riosca**

1. Faoi Treoir seo, meastar gur gairmeacha riosca iad gairmeacha pearsanra míleata, póilíní, oifigeach príosúin agus gardaí príobháideacha agus dá bhrí sin tá an leibhéal is airde cosanta dlí acu faoi na téarmaí a aithnítear sa Treoir seo, ag acquis an Aontais agus ag córais dlí na mBallstát.
2. Áiríteoidh na Ballstáit go háirithe go gcumhdófar na gairmeacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo leis na bearta uasta chun a sábháilteacht, a sláinte agus a sláine coirp agus meabhrach a chosaint atá aitheanta ina gcórais dlí faoi seach, agus an Treoir seo á trasú i gcás inar gá sin.
3. Is é atá i gceist leis an dearbhú riosca an ghnáthaois scoir a íslíú i gcomhréir leis na comhéifeachtaí laghdaithe atá bunaithe ar na blianta a oibríodh sna gníomhaíochtaí sin is mian leis na Ballstáit faoi seach a chur i bhfeidhm.
4. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur ar bhonn deonach a bheidh an t-aisíoc dá dtagraítear sa mhír roimhe seo i bhfabhar na dtairbhithe faoi seach.

#### *Airteagal 5*

#### **Cosaint sláinte agus sábháilteachta**

Beidh cosaint sláinte agus sábháilteachta is iomchuí dá gcuid oibre ag póilíní, gardaí príobháideacha, oifigigh phríosúin agus pearsanra míleata. Beidh seirbhísí agus trealamh acu a chuirfidh an leibhéal is airde coiscthe agus cosanta sláinte agus sábháilteachta ar fáil dóibh.

#### *Airteagal 6*

#### **Rátháíocht phoiblí**

1. Áiritheoidh na húdaráis náisiúnta go ndéanfaidh an pearsanra míleata, na póilíní, na hoifigigh phríosúin agus na gardaí príobháideacha a ndualgais faoi na dálaí sábháilteachta agus sláinte is fearr.
2. Go háirithe, déanfar obair na ngairmeacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a eagrú ar shlí a urramóidh a ndínit, a gceart chun na beatha agus a sláine choirp agus mhorálta, a sábháilteacht agus a sláinte, lena n-áirítear strus a chosc, go háirithe féinmharú a chosc, a mhéid a cheadaíonn feidhmíocht a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí míleata, póilíneachta nó slándála.
3. Áiritheoidh na húdaráis chéanna go gcomhlíonfar caighdeáin náisiúnta sábháilteachta do na gníomhaíochtaí sin, chomh maith le dea-chleachtas i bhfeidhmiú a ndualgas.

### **CAIBIDIL III**

#### **CÚRAM SLÁINTE AGUS OILIÚINT**

##### *Airteagal 7*

##### **Cúram sláinte**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach duine nádúrtha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo cumhdaithe ag bearta iomchuí chun a shláinte a chosaint agus go mbeidh rochtain láithreach acu ar chúram sláinte le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh.
2. I gcás tinnis, gortú nó báis a eascraíonn as comhlíonadh a ndualgas, áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh na daoine dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus a dteaghlaigh na teidlíochtaí airgeadais a fuarthas roimhe sin nó, i gcás inarb iomchuí, cúiteamh leordhóthanach.
3. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ráthaíochtaí airgeadais ar fáil chun na rioscaí dá dtagraítear san fhómhír roimhe seo a chlúdach go hiomlán.

##### *Airteagal 8*

##### **Oiliúint**

1. Áiritheoidh na Ballstáit oiliúint leanúnach do shábháilteacht agus do shlándáil an phearsanra mhíleata, na bpóilíní, na n-oifigeach príosúin agus na gardaí príobháideacha.
2. Ba cheart go gcuirfeadh an oiliúint sin an staid eolaíochta is nua-aimseartha i gcuntas.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán leanúnach ar na gníomhaíochtaí oiliúna uile dá dtagraítear sa dá mhír roimhe seo faoi chuimsiú córas caighdeán cáilíochta.

### **CAIBIDIL IV**

#### **SONRAÍ, ATHBHREITHNIÚ Ó NA HÚDARÁIS NÁISIÚNTA, CLÁSAL ÍOSTA**



## **AGUS COSAINT AN TEAGHLAIGH**

### *Airteagal 9*

#### **Sonraí**

Déanfaidh na Ballstáit staidreamh mionsonraithe agus cuimsitheach ar thionóiscí, gortuithe, tinnis nó básanna sna gníomhaíochtaí a chlúdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo a thiomsú, a anailísiú agus a fhoilsiú, ar bhonn ráithiúil.

### *Airteagal 10*

#### **Athbhreithniú ó na húdaráis náisiúnta**

Déanfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta cosanta na ngníomhaíochtaí a chlúdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo a athbhreithniú go tráthrialta agus go bliantúil ar a laghad, agus athbhreithneoidh siad iad de réir mar is gá chun forbairtí sa staid agus sa teicneolaíocht agus sa taighde a chur i gcuntas, d'fhonn an tsábháilteacht is fearr is féidir sna gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn.

### *Airteagal 11*

#### **Clásal íosta**

1. Féadfaidh na Ballstáit forálacha is fabhraí a choimeád ar bun nó a thabhairt isteach ná na forálacha a leagtar síos sa Treoir seo.
2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo in imthosca ar bith ina fhoras leordhóthanach chun údar a thabhairt do laghdú ar leibhéal ginearálta cosanta na n-oibríthe sna réimsí a chlúdaítear leis an Treoir seo.
3. Beidh cur i bhfeidhm agus léirmhíniú na Treorach seo gan dochar d'aon fhoráil, nós imeachta nó cleachtas Comhphobail nó náisiúnta lena ndéantar foráil do choinníollacha níos fabhraí do dhaoine nádúrtha a chumhdaítear faoi raon feidhme na Treorach seo.

### *Airteagal 12*

#### **Cosaint an teaghlaigh**

Tuigfear go mbeidh feidhm ag forálacha na Treorach seo a mhéid atá siad fabhrach do bhail teaghlaigh daoine nádúrtha a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo.

## **CAIBIDIL V FORÁLACHA DEIRIDH**

### *Airteagal 13*

#### **Cur chun feidhme**

1. Cuirfidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh roimh an xx/xx/xx ar a dhéanaí. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi théacs na bhforálacha seo láithreach.
2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach chun an tagairt sin a dhéanamh.
3. Déanfaidh na Ballstáit téacs bhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

#### *Airteagal 14*

##### **Tuarascáil**

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin gach dhá bhliain ar chur i bhfeidhm na Treorach seo. Gheobhaidh an Coimisiún an tuarascáil tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair tar éis dheireadh na tréimhse dhá bhliain a chlúdaítear leis an tuarascáil.
2. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas gach dara bliain ar chur chun feidhme na Treorach seo ag na Ballstáit agus ar fhorbairtí sa réimse lena mbaineann. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choiste Eacnamaíoch agus Shóisialta.

#### *Airteagal 15*

##### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an xx/xx 20xx.

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

X. XX

*Thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh*

*An tUachtarán*

X. XX

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le cúpla bliain anuas, tá borradh faoin gcoireacht tarlaithe inár náisiúin. In 2024, beidh tionchar ag an mborradh sin go háirithe ar ghairmeacha na ndaoine a bhfuil sé mar ghairm acu sinn a chosaint<sup>1</sup>.

Is gá, dá bhrí sin, gníomhaíochtaí na ngairmeacha sin a dhearbhu agus a chosaint mar ghníomhaíochtaí riosca.

Is gá gníomh de chuid an Aontais a chomhallann prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, ó sháraítear prionsabail an chomhionannais agus an chothromais nuair a mheastar é a bheith contúirteach i gcríocha áirithe agus a easnamhach i gcríocha eile.

Tá práinn ar leith ag baint leis an togra seo, toisc gur ionsaithe nua laethúla ar a n-ionracas agus fiú ar a mbeatha an riosca atá ag bagairt ar na gairmeacha sin. Ní féidir le hinstitiúidí an Aontais ná leis na húdaráis fhreagracha atá i gceannas orthu bheith dall ar an dithneas sin.

---

<sup>1</sup> Déantar difear do mhórán stát; chun críche carachtar tras-Eorpach, tugtar trí shampla mar shamplaí:  
<https://okdiario.com/espana/trabajo-guardia-civil-policia-nacional-no-profesion-riesgo-gobierno-12551717>  
[https://www.br.de/nachrichten/deutschland-welt/offenbar-messerangriff-in-nrw-polizei-erschießt-26-jaehrigen\\_UMfmfDA](https://www.br.de/nachrichten/deutschland-welt/offenbar-messerangriff-in-nrw-polizei-erschießt-26-jaehrigen_UMfmfDA)  
<https://www.lefigaro.fr/marseille/a-marseille-un-policier-en-patrouille-violemment-agresse-au-couteau-20240911>